Scoileanna Caitliceacha: Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh.

23 EANÁIR – 30 EANÁIR 2022

ACMHAINN DON PHARÓISTE

Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2022 a Cheiliúradh sa Pharóiste

Scoileanna Caitliceacha: Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh

Cuirtear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2022 ar an Domhnach, 23 Eanáir, an Tríú Domhnach Saor sa bhliain, agus is é an téama a bhaineann leis ná ' Scoileanna Caitliceacha: Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh'. Tugtar deis dúinn i mbliana machnamh a dhéanamh ar an mbealach ina dtugann an creideamh an neart dúinn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus ar an éiginnteacht a cuireadh os ár gcomhair i mbliana, agus conas mar is féidir leis an bpobal Caitliceach tacú lena chéile agus aire a thabhairt dá chéile. Sa chomhthéacs seo, déanaimis machnamh ar na bealaí ina bhféadfadh pobal an pharóiste obair na scoile Caitlicí a cheiliúradh i rith na seachtaine seo, agus tacú leis. Tá réimse bealaí ina bhféadfadh na paróistí ceiliúradh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha a dhéanamh. Tá moltaí anseo a chabhródh lena leithéid a dhéanamh.

An Domhnach, 23 Eanáir

Ceiliúradh na hEocairiste: An Tríú Domhnach Saor

Cabhróidh grúpa liotúirgeach an pharóiste le hullmhú an Aifrinn seo. Bíodh páirt ag Seachtain na Scoileanna Caitliceacha i saol na hEaglaise in aghaidh na bliana más féidir.

Cruinniú Pleanála

D'fhéadfaí cruinniú a reáchtáil le príomhoidí, agus le múinteoirí na mbunscoileanna agus na n-iar-bhunscoileanna i rith na seachtaine roimh Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha. D'fhéadfaí moltaí a lorg maidir le ceiliúradh obair na scoileanna Caitliceacha indibhidiúla sa pharóiste mar phobail an chreidimh agus an teacht aniar, i rith liotúirge 23 Eanáir. Mura mbíonn iar-bhunscoil Chaitliceach agaibh an bhféadfaí daltaí a chónaíonn sa pharóiste agus atá ag freastal ar iar-bhunscoileanna ón taobh amuigh a spreagadh le bheith páirteach sa liotúirge? Bíodh ball de ghrúpa liotúirgeach an pharóiste i láthair ag an gcruinniú seo.

An tAifreann

Fáilte agus Míniú

Abair cúpla focal mar gheall ar théama Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2022 – 'Scoileanna Caitliceacha: Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh'. Tá míniú le fáil ar líne ag: www.catholicschools.ie. Toisc go mbíonn staid an COVID-19 ag méadú is ag athrú, tá seans go mbeidh deis ann an tAifreann a cheiliúradh le beoshruth ar líne, toisc go bhfuil seans ann go dtiocfadh athrú ar threoirlínte maidir le cruinnithe agus leis an scaradh sóisialta. Ba mhaith an rud é buíochas a ghabháil ag an Aifreann as 'Seachtain na Scoileanna Caitliceacha'.

A Dhia ghrámhar,
Cruinnímid lena chéile anseo, agus gabhaimid buíochas leat toisc go bhfuil tú anseo in éineacht linn.
Deonaigh gur féidir linne, pobal na scoile, a chur ar chumas chách, saol iomlán lántairbhe a chaitheamh.
Deonaigh go mbreathnóimid ar a chéile mar phobal ina mbeidh cairdeas Dé le sonrú go mór inár measc.
Deonaigh go mbeidh gaol maith againn lena chéile agus leis an domhan mórthimpeall orainn.

Deonaigh go mbeidh ar ár gcumas aithris a dhéanamh ar Íosa. Thug seisean léargas dúinn i mbriathar agus i ngníomh ar an mbealach inar ceart dúinn déileáil lena chéile agus go háirithe leis an mhuintir atá bocht. Deonaigh go mbeidh an Spiorad Naomh mar threoraí againn ar aistear an tsaoil, ionas go mbeidh an creideamh, an dóchas agus an grá go láidir ionainn ar an mbealach dúinn.

Cuirimid ár nguí chugat trí Chríost ár dTiarna.

Mórshiúl Tosaigh

Bíodh mórshiúl tosaigh ann ar an Domhnach seo. Bíodh siombailí a chuireann síos ar fhéiniúlacht gach scoil Chaitliceach sa pharóiste ar taispeáint ann. Má bhíonn taispeántas sa séipéal maidir le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha, is féidir na siombailí a úsáideadh i rith aon mhórshiúl a chur isteach leis an taispeántas.

Ceol

Bíodh baint ag daltaí scoile/oidí leis an gceol a sholáthar i rith an liotúirge. D'fhéadfadh grúpa daltaí an Salm a chanadh, agus Comhgháir an tSoiscéil chomh maith.

Liotúirge an Bhriathair

Is féidir na léachtaí, guí an phobail, agus gach a mbaineann leis an Tríú Domhnach Saor a fháil as Gaeilge in eagrán Nollaig/Eanáir *Intercom*. Tá nótaí aithisc don Domhnach seo ar fáil in eagrán Eanáir de *The Furrow*.

Toisc gur ceiliúradh Eocairisteach an Domhnaigh sa pharóiste atá anseo, bíodh na gnáth-léitheoirí ainmnithe ann leis na léachtaí a léamh. Tugtar le fios dá bharr do chách, gur deis atá in Eocairist an Domhnaigh an uile dhuine againn a chothú ionas go bhféadfaimis dul ar ais isteach i gcomhluadar na scoile agus an bhaile, leis an Soiscéal a chraobhscaoileadh. Bíodh Guí an Phobail amháin ann ar a laghad a dhéanann tagairt do na scoileanna Caitliceacha agus don obair a dhéanann siad. Tabhair cuireadh do dhaoine óga na paidreacha a chumadh agus a léamh ag an Aifreann.

Ullmhú na hAltóra agus Ofráil na mBronntanas

Tabhair cuireadh d'ionadaithe ón scoil, ón mbaile agus ón bparóiste an altóir a ullmhú agus na bronntanais den arán agus den fhíon a thabhairt aníos. Cuireann a leithéid i gcuimhne dúinn ar bhealach sofheicthe go gcaithfidh na trí ghrúpa seo a bheith ag comhoibriú lena chéile toisc gur den Eaglais chéanna sinn, ionas go mbeimid mar fhinnéithe ar luachanna an tSoiscéil os comhair chách.

Fáiltiú

Ba mhaith an rud é fáiltiú a eagrú i ndiaidh an Aifrinn. D'fhéadfadh cumann na dtuismitheoirí, comhairle an pharóiste nó eagrais áitiúla eile a leithéid a eagrú i gcomhar lena chéile. Seans nach mbeadh deis a leithéid a dhéanamh le slua mór de bharr srianta COVID-19.

Urnaí ar an gCéadaoin ar son na Seantuismitheoirí

Is dócha go mbeidh na seantuismitheoirí ag breathnú ar bheoshruth an Aifrinn i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha, agus ba mhaith an rud é guí a chur in airde ar son na seantuismitheoirí ar fad, agus ceiliúradh a dhéanamh ar an obair mhór a dhéanann siad maidir le tógáil na ngarpháistí. D'ofráil an Pápa Beinidict XVI an phaidir seo ar son na seantuismitheoirí:

A Thiarna Íosa,
Rugadh den Mhaighdean Mhuire,
iníon Joachim agus Áine Naofa thú.
Doirt do ghrá anuas ar sheantuismitheoirí an domhain.
Cosain iad! Is acmhainn shaibhir iad ó thaobh cúnamh a sholáthar don teaghlach,
don eaglais agus don tsochaí.
Tacaigh leo! Deonaigh go mbeidh siad mar thacaíocht láidir ar chreideamh
na soiscéal a chuidíonn leis na teaghlaigh, fiú agus iad ag dul in aois.
Bíodh siad mar chosantóirí ar chaighdeáin arda an bhaile,
agus mar stór iontach an traidisiúin chirt creidimh.
Bídís mar mhúinteoirí na heagna agus na muiníne,
a thugann an taithí shaoil agus an taithí spioradálta
atá acu ar aghaidh chuig an ghlúin nua.
Amen.

Scoileanna Caitliceacha: Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh

Nuachtlitir an Pharóiste

Is féidir imeachtaí Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha a chur os comhair chách trí nóta a chur i nuachtlitir an pharóiste. Ba cheart go mbeadh cur síos ar na himeachtaí poiblí a reáchtálfar sa pharóiste. Tá sampla anseo a bheadh oiriúnach don nuachtlitir:

> Cuirfear tús le Seachtain na Scoileanna Caitliceacha ar an Domhnach 23 Eanáir. Beidh ceiliúradh á dhéanamh i rith na seachtaine seo ar an obair uathúil a dhéanann na scoileanna Caitliceacha, na Bunscoileanna agus na hIar-bhunscoileanna, le misean Íosa a chur chun cinn i measc an phobail creidimh áitiúil agus le tacú i gceart lena chéile. Is é téama na bliana seo ná 'Scoileanna Caitliceacha: Saol Iomlán Lántairbhe a Chaitheamh'. Beidh an paróiste seo ag glacadh páirte trí .....

D'fhéadfadh na daltaí scoile an nuachtlitir a scaipeadh ag an Aifreann.

Ionad Taispeántais

Ba cheart plé a dhéanamh leis na húdaráis ionas go bhféadfaí taispeántas a chur in airde a thabharfadh léargas ar obair agus ar uathúlacht na scoileanna éagsúla atá sa pharóiste.

An Chomhairle Thréadach

Luaigh Seachtain na Scoileanna Caitliceacha leis an gcomhairle thréadach le fáil amach conas mar a d'fhéadfaí í a cheiliúradh sa pharóiste i mbliana. Tá sliocht maidir le tógáil na scoile Caitlicí mar phobal ar fáil i *Share the Good News: National Directory for Catechesis* agus chabhródh sé le plé a dhéanamh maidir le ról na scoileanna Caitliceacha agus an bealach ceart ina bhféadfadh pobal an chreidimh tacú leo ar bhealach feabhsaithe.

Ba mhaith an rud é dá dtabharfadh séiplíneach na scoile cuairt ar an méid ranganna agus is féidir i rith na seachtaine. Tá acmhainní Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha ar fáil agus téama in aghaidh an lae iontu a thabharfadh fócas don chuairt.